# Arthur Chichester
# 1563-1625



Arthur Chichester 1563-1625
Saighdiúir, polaiteoir a bhí in Arthur Chichester a chaith tréimhse ina Fhear Ionaid ar Éirinn

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Féach ar an bhfíseán ar Arthur Chichester agus aimsigh an bhfuil na habairtí seo a leanas Fíor nó Bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | | |
|---|---|---|
| **Ba shaighdiúir é Arthur Chichester sa Chogadh Naoi mBliana** | **F** | |
| B'iad Clann Uí Néill agus Clann Uí Dhomhnaill ba mhó a d'éirigh amach in aghaidh leathnú riail Shasana i gCúige Uladh | | |
| Mhair an cogadh seo os cionn deich mbliana | | |
| Chuir Chichester beartaíochtaí rualoiscthe i bhfeidhm i gCuige Uladh agus i gCúige Chonnacht | | |
| Chabhraigh na beartaíochtaí rualoiscthe seo leis an gCogadh a bhuachaint do na Sasanaigh | | |
| Ba é Rí Anraí a hOcht a chuir plandáil i bhfeidhm i gCúige Uladh | | |
| D'éirigh an cultúr Gaelach ní ba láidre i gCúige Uladh sa 17ú hAois | | |
| Cuireadh Plandáil Uladh i bhfeidhm ag tús an 17ú hAois | | |
| Theastaigh ó Arthur Chichester go dtabharfaí talamh i gCúige Uladh do shaighdiúirí a throid sa Chogadh Naoi mBliana | | |
| Bhí impleachtaí fadtéarmacha ag Plandáil Uladh ar stair na háite sin le hos cionn 400 bliain anuas | | |
| D'eascair aighneas agus mímhuinín idir na Caitlicigh agus na Protastúnaigh as an tréimhse seo i stair na hÉireann | | |

Anois agus an ceacht thuas déanta agat léigh an léamhthuiscint seo a leanas faoi Arthur Chichester agus an Cogadh Naoi mBliana agus freagair na ceisteanna a ghabhann léi.

Bhí an Cogadh Naoi mBliana ar cheann de na cogaí ba mhó agus ba shuntasaí i stair na hÉireann. Cogadh idir Gaeil Chaitliceacha agus Sasanaigh agus Albanaigh Phrotastúnacha go príomha a bhí ann. Mhair sé naoi mbliana, idir 1594 agus 1603 agus is in Ulaidh den chuid is mó a tharla príomhimeachtaí an chogaidh. I rith an 16ú hAois bhí riail Shasana in Éirinn ag bailiú nirt ach ag druidim i dtreo dheireadh an chéid ba é Ulaidh an ceantar ba lú a raibh smacht ag Údaráis Shasana air in Éirinn.

Ba cheantar é a raibh na Taoisigh Ghaelacha agus an córas Gaelach trí chéile i réim i gcónaí. Clann Uí Néill agus Clann Uí Dhomhnaill an dá chlann Ghaelacha ba chumhachtaí in Ulaidh ag an am. Theastaigh ón mBanríon Eilís a hAon smacht a fháil ar Éirinn, ina hiomláine, ionas go bhféadfadh sí nósanna, dlíthe, traidisiúin Shasana agus an Protastúnachas a chur i bhfeidhm timpeall na tíre. Níor theastaigh ó na Taoisigh Ghaelacha go gcuirfí nósanna agus creideamh gallda i bhfeidhm ina gceantar féin. Chuige sin, bheartaigh siad ionsaithe a dhéanamh ar fhórsaí Shasana in Éirinn.

I gcontaetha Mhuineacháin agus Fhear Manach a thosaigh an cogadh nuair a rinne na Gaeil ionsaithe ar gharastúin Shasana sna contaetha sin. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis na Gaeil buanna móra tábhachtacha a bhaint amach in aghaidh fhórsaí Shasana ag Cluain Tiobraid i Muineachán sa bhliain 1595 agus ag Béal an Átha Bhuí in Ard Mhacha sa bhliain 1598.

Bhí ag éirí go hiontach leis na Gaeil sna blianta luatha den chogadh. Lorg siad cabhair ón Spáinn agus chuaigh Aodh Ó Néill agus Aodh Rua Ó Domhnaill, ceannairí na nGael, ó dheas go Cionn tSáile i gCorcaigh le bualadh le fórsaí na Spáinnea bheadh ag teacht i dtír ansin ionas go bhféadfaidís bua iomlán a fháil ar na Sasanaigh.

Fuair na Sasanaigh, faoi cheannas an Tiarna Mountjoy, an lámh in uachtar ar na Gaeil ag Cath Chionn tSáile sa bhliain 1601. Casadh cinniúnach sa chogadh a bhí sa chath seo. Ghéill na Gaeil, chúlaigh cuid acu ar ais i dtreo Uladh agus chuir an Tiarna Mountjoy agus Arthur Chichester beartaíochtaí rualoiscthe i bhfeidhm in Ulaidh.

Dhóigh siad agus scrios siad aon ní in aon chor a bheadh cabhrach dá naimhde Gaelacha. Bhásaigh an-chuid daoine i dtuaisceart na tíre ach go háirithe de bharr na mbeartaíochtaí seo. D'fhan a ndearna Mountjoy agus Chichester in Ulaidh i gcuimhne na ndaoine sa cheantar ar feadh na mblianta ina dhiaidh sin.

Tháinig deireadh leis an gcogadh sa bhliain 1603 nuair a aontaíodh conradh síochána idir Aodh Ó Néill agus Rí Séamas a hAon ag Mainistir Mhélifont i gcontae Lú. Ceithre bliana níos déanaí theith cuid mhaith de na Taoisigh Ghaelacha Ultacha chun na Mór-Roinne agus tháinig deireadh leis an seanchóras Gaelach le teitheadh na nIarlaí sin agus bhí sé níos éasca anois ar an Rí Séamas a hAon Plandáil Uladh a chur i bhfeidhm. Bhain coróin Shasana an talamh ar fad a bhíodh ag na Taoisigh Ghaelacha agus cuireadh daoine ón iasacht isteach, daoine a bheadh dílis do Rí Shasana. Ceann de na tréimhsí is cinniúnaí i stair na hÉireann a bhí sa tréimhse seo, deireadh an 16ú hAois agus tús an 17ú hAois.

Gluais:
ina hiomláine = go hiomlán
gallda = Sasanach
garastún = dún
cinniúnach = tábhachtach
chúlaigh siad = chuaigh siad siar, chuaigh siad ar ais
beartaíochtaí rualoiscthe = aicsin ina scriostar gach rud (barraí, tithe, páirceanna, ainmhithe) a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair ag an namhaid
ón iasacht = ón taobh amuigh

Ceisteanna

1. Cén áit sa tír ar thit formhór na n-imeachtaí amach i rith an Chogaidh Naoi mBliana?
2. Cérbh iad an dá chlann ba chumhachtaí in Ulaidh ag deireadh an 16ú hAois?
3. Cén áit ar thosaigh an Cogadh Naoi mBliana?
4. Ainmnigh bua mór amháin a bhí ag na Gaeil i mblianta luatha an chogaidh.
5. Cérbh iad ceannairí na nGael sa Chogadh?
6. Cén tír a thug cabhair do na Gaeil?
7. Cén áit ar troideadh an cath cinniúnach sa Chogadh?
8. Cén bhliain ar tharla Teitheadh na nIarlaí?
9. Cad a tharla do na Gaeil in Ulaidh tar éis Chath Chionn tSáile?
10. Cad é an tionchar fadtéarmach is mó a bhí ag bua na Sasanach ag Cath Chionn tSáile ar stair na hÉireann i do thuairim? Tabhair trí chúis le d'fhreagra. Is leor thart ar 90 focal mar fhreagra.



Anois, meaitseáil na príomhthearmaí agus na príomhbhlianta ar chlé lena míniú ar dheis. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.

| | |
|---|---|
| **An Tiarna Mountjoy** | an bhliain ar troideadh Cath Chionn tSáile |
| 1601 | an áit as ar imigh na Taoisigh Ghaelacha nó na hIarlaí sa bhliain 1607 |
| An Spáinn | an droch-atmaisféar a bhíonn le braith idir grúpaí a bhfuil reiligiúin dhifriúla acu |
| An Róimh | **an fear a bhí i bhfeighil Arm Shasana ag Cath Chionn tSáile** |
| Rí Séamas a hAon | Ceann de na cathanna ba shuntasaí i stair na hÉireann |
| Cath Chionn tSáile | an áit ar imigh na hIarlaí sa bhliain 1607 |
| Ard Mhacha, Muineachán, Fear Manach, Tír Eoghain | nuair a scriostar gach aon ní is féidir ionas nach mbainfeadh an namhaid tairbhe as. |
| beartaíocht rualoiscthe | an tír a thug cabhair mhíleata do na Gaeil |
| Loch Súilí | Rí Shasana idir na blianta 1603 agus 1625 |
| Plandáil Uladh | an áit ba mhó ar tharla na príomh-imeachtaí sa Chogadh Naoi mBliana |
| teannas seicteach | an t-ainm a thugtar ar an gcóilíniú a rinneadh ar cheantar fairsing i dtuasiceart na hÉireann sa 17ú hAois |

Seo a leanas trí fhíric stairiúla thábhachtacha faoin tréimhse díreach i ndiaidh an Chogaidh Naoi mBliana ag tús an 17ú hAois:

1. Treisiú déanta ar Riail Shasana in Éirinn: Treisíodh ar institiúidí, riarachán, nósanna agus dlíthe Shasana a chur i bhfeidhm timpeall na hÉireann ar fad ag tús an 17ú hAois. Fuarthas réidh le Dlíthe na mBreithiúna (an seanchóras dlí in Éirinn) agus baineadh cuid mhaith den neamhspleáchas polaitiúil a bhí ag na Taoisigh Ghaelacha.

2. Tuilleadh brú ar an gCaitliceachas: Rinneadh géarleanúint ar Chaitlicigh agus ar Chléir na hEaglaise Caitlicí ach go háirithe. Theastaigh ó chuid mhaith Caitliceach in Éirinn díoltas a bhaint amach agus sa bhliain 1641 d'eagraigh Caitlicigh in Ulaidh éirí amach eile in aghaidh na Sasanach.

3. Achrainn shóisialta: Bhí neamhord sóisialta agus eacanamaíochta le feiceáil in Ulaidh ag tús an 17ú hAois nuair a aistríodh úinéireacht talún ó dhream amháin go dream eile. Chruthaigh an t-aistriú talún seo cúrsaí ina gcíor thuathail agus doicheall agus míshástacht i measc na gCaitliceach a chaill a gcuid talún.